



Eleathanach 390




Dé Luain, an 4 Deireadh Fómhair 2021

Pléascadh bolcáin ar na hOileáin Chanáracha

Phléasc an bolcán ar La Palma ar na hOileáin Chanáracha ar an 20 Meán Fómhair. Tá an pléascadh fós ag dul ar aghaidh. Phléasc an bolcán in 1971 agus in 1949 chomh maith.

Tá 80,000 duine ina gcónaí ar La Palma. Bhí ar 6,000 duine a dtithe a fhágáil agus bhí ar 500 turasóir an t-oileán a fhágáil.

Bhí laibhe ar fud na háite. Tá an laibhe an-te ar fad ag 1,000°C. Bhí cúpla crith talúin timpeall ar La Palma chomh maith le pléascadh an bholcáin. Tá seans ann nach stopfaidh an laibhe ar feadh suas go 84 lá!



Eití atá cosúil le cluasa móra

Tá an t-ochtapas cosúil le scáth báistí freisin!



Speiceas Ochtapais darbh ainm *Dumbo*

Is speiceas suimiúil ochtapais é an *Dumbo*. Tá cónaí ar na hochtapais seo go domhain san fharraige, timpeall 4000 méadar faoi bharr an uisce. Tá eolaithe fós ag foghlaim an-chuid fúthu, toisc go gcónaíonn na hochtapais *Dumbo* seo chomh domhain san fharraige.

Tá eití ar cheann an ochtapais atá cosúil le cluasa. Seo an chúis a bhfuil *Dumbo* mar ainm orthu - tá cluasa móra ar an eilifint *Dumbo*! Baineann na hochtapais seo úsáid as na heití chun cabhrú leo taisteal tríd an uisce.

Tá na hochtapais seo beag go leor; idir 20 agus 30cm. Maireann siad ar feadh 3-5 bliana.

Cúl ó Lionel Messi do Paris Saint-Germain (PSG)

Bhí cluiche sacair ar siúl sa Fhrainc le déanaí idir PSG agus Manchester City. Scóráil Lionel Messi cúl iontach. Seo an ceathrú cluiche do Messi i ngeansaí PSG ach an chéad uair gur scóráil sé cúl.

Scóráil sé an cúl sa dara leath. Ní raibh mórán spáis aige mar bhí imreoirí Manchester City timpeall air, ach níor chuir siad stop leis.

Thug Messi cic don liathróid agus chuaigh sí isteach san eangach. Bhí áthas an domhain ar an lucht leanúna. Ag deireadh an chluiche bhí dhá chúl ag PSG agus bhí cúl amháin ag Manchester City.



Tá an liathróid san eangach!

